Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Oifigeach Pleanála Teanga

Spriocdháta: 15 Márta 2024

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR sa tóir ar dhuine fuinniúil, spreagúil, cruthaitheach le tacú le Plean Teanga Chois Fharraige a chur i bhfeidhm. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag an bhFóram agus ag obair i gcomhar le hOifigeach Pleanála Teanga (OPT) eile atá fostaithe ag an bhFóram, iad beirt lonnaithe in oifigí an Fhóraim in Inis Fáil, i sráidbhaile an Spidéil.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus/nó na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh
- Ardscileanna cumarsáide, áisitheoireachta, comhorduithe agus idirphearsanta
- Taithí i bhfeidhmiú agus i gcur i gcrích tograí
- Eolas agus tuiscint ar chúrsaí pleanála teanga
- Eolas agus cleachtadh ar bhainistiú airgeadais
- Cleachtadh ar aighneachtaí agus ar thuairiscí a réiteach agus a scríobh
- Eolas agus taithí ar chúrsaí teicneolaíochta
- Lán-cheadúnas tiomána glan

Tuarastal idir €36,450 agus €51,750 a íocfar ag braith ar thaithí.
Conradh dhá bhliain, ar féidir cur leis, atá i gceist.
Beidh deis ann a bheith rannpháirteach i Scéim Pinsin.

Post lán-aimseartha an post seo: d'fhéadfadh uaireanta oibre taobh amuigh de ghnáth-uaireanta oifige a bheith i gceist: obair thráthnóna san áireamh.
Is féidir tuilleadh sonraí faoin bpost a fháil ach glaoch ar 086-2732279 nó scríobh chuig ptchoisfharraige@gmail.com

Seol iarratas, mar aon le CV chuig ptchoisfharraige@gmail.com

nó

An Cathaoirleach,
Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR,
Inis Fáil,
An Phríomhshráid,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe.

Is féidir teacht ar an bPlean Teanga ag **https://coisfharraige.ie/pleanail-teanga/**